

A ndúirt Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola
An Chomhairle Eorpach
Déardaoin, an 21 Márta 2024, an Bhruiséil, an Bheilg

Dia daoibh.

Táimid ag teacht le chéile inniu agus 77 lá ann go tús thoghcháin Pharlaimint na hEorpa.

Tá a fhios againn cad atá i dtreis. Tá a fhios againn go dtiailfidh gníomhaithe eile dóigh agus andóigh le cur isteach ar ár bpróiseas daonlathach. Agus tá a fhios againn cé mhéad oibre is gá dúinn a dhéanamh, i bhfochair a chéile, chun daoine a spreagadh le vóta a chaitheamh.

Sa téarma parlaiminteach seo, d'fhágamar lorg na hEorpa ar an ngeopholaitíocht dhomhanda agus chosnaíomar ár mbealach Eorpach i saol atá ag síorathrú. Is láidre sinn mar gheall ar na dúshlán ar thugamar aghaidh orthu agus ní ina n-ainneoin. Choinníomar an tromlach cuiditheach Eorpach le chéile agus ní mór dúinn é sin a dhéanamh athuair.

Tá beart á dhéanamh de réir a briathair ag an Eoraip dár ndaoine, ach caithfidimid a bheith in ann é sin a chur i dtuiscint do dhaoine sna Ballstát uile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh óir d'oibrigh bhur rialtais i gcomhar linn chun tacaíocht a thabhairt d'fheachtas Pharlaimint na hEorpa. I dteannta na bhFeisirí Eorpacha, thug mé cuairt ar a lán de bhur dtíortha chun iarracht a dhéanamh ar bhriseadh trí bholgán na Bruiséile agus a áitiú ar dhaoine, go háirithe ar ár ndaoine óga, vóta a chaitheamh.

Ní furasta déanamh amhlaidh. Agus is deacra déanamh amhlaidh toisc iarrachtaí a bheith á ndéanamh ina lán Stát ar bhréagaisnéis, mífhaisnéis agus bolscaireacht, atá á gcothú ag gníomhaithe atá in aghaidh an tionscadail Eorpaigh, a chur chun tosaigh. Gníomhaithe iad sin a dhíreodh go sonrach ar earnálacha éagsúla sa tsochaí agus ar ár bpobail agus a scaipfeadh insintí bréagacha faoin Eoraip ar shlí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i dtoghcháin Eorpacha. Is bagairt é nach mór dúinn a bheith inchurtha leis.

Tá uirlisí reachtacha agus neamhreachtacha araon ann ar féidir linn leas a bhaint astu – go háirithe trí conas a théimid i ngleic leis na meáin shóisialta. Ó thaobh na reachtaíochta de, tá an Gníomh um Margáí Digiteacha, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, fógraíocht pholaitiúil agus saoirse na meán againn – ach ní mór dúinn a bheith toilteanach a bheith gníomhach, ar bhealach níos fearr, ar líne freisin.

Ní féidir linn ligean don insint mhillteach úd, don bolscaireacht úd ná don bhréagaisnéis úd scaipeadh gan cur ina gcoinne. Caithfidimid a thuiscint freisin gurb amhlaidh, an tuisce a bhíonn dlí rite againn, a bhíonn comhthéacs digiteach nua ann nach mór dúinn aghaidh a thabhairt air. Comhthéacs a bhíonn ag síorathrú is ea an comhthéacs sin nach mór dúinn déileáil leis. Ní mór dúinn a bheith toilteanach oibriú i gcomhar leis na hardáin.

Beidh an toghchán seo ina dhúshlán dár gcórais agus fágann sé sin gur riachtanaí fós dúinn an teachtaireacht a chur in iúl.

Mar sin de, impím athuair oraibh gan géilleadh don chathú, i bhfeachtas deacair, an milleán a chur ar an mBruiséil as gach a bhfuil mícheart, gan an t-aitheantas cuí a thabhairt di.

Caithfimid a bheith ionraic agus macánta faoin méid atá bainte amach againn, ach freisin faoi conas a d'fhéadfaimis iarrachtaí níos fearr a dhéanamh. Faoi conas a loiceamar ar ár ndaoine. Faoin dóigh a mheasann daoine go bhfuil siad á bhfágáil ar lár i gcónaí. Faoin dóigh ar fhág ár maorlathas daoine a bheith scoite amach ón tionscadal Eorpach.

Ní mór ár dtionscal a bheith mar chuid den réiteach. Caithfidh ár bhfeirmeoirí a bheith mar chuid den réiteach. Ní mór ár ndaoine óga a bheith mar chuid den réiteach. Ní mór muinín a bheith ag daoine as an bpróiseas, ní mór rochtain a bheith acu ar uirlisí a chuireann ar a gcumas an t-aistriú a dhéanamh, agus ní mór iad a bheith in acmhainn an t-aistriú a dhéanamh. Mura mbíonn, ní bheidh rath air. Agus mura dtuigfear sin i gceart, tá an baol ann go dtabharfaidh níos mó daoine cúl leis an bpolaitíocht agus go rachaidh siad i muinín an antoisceachais.

Ní dhéanfadh sé sin ach na gníomhaithe úd, ar dóigh leo fós gur bagairt í an Eoraip, a ghríosadh le bheith níos teanntásaí ná mar atá siad faoi láthair. Ar bhreá leo, thar aon ní eile, sinn a bheith ag lagú.

Níl an tAontas Eorpach gan smál, ach is é an ráthú is fearr dár ndaoine uile é. Mar sin de, na nithe ar gá dúinn a chur ina gceart, cuirimis ina gceart iad. Ach leanaimis de dhul chun a dhéanamh in áit ligean do shearbhas gan dealramh díobháil a dhéanamh.

Is féidir linn Eoraip atá níos láidre, a thugann cluas dá saoránaigh, a fheidhmíonn ar bhealach níos fearr, agus atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, a thabhairt chun fíoraithe. 'A thugann tosaíocht do nithe tábhachtacha agus a thugann neamhaird ar nithe neafaiseacha', mar a dúirt Jean Claude Juncker sa ráiteas cáiliúil úd.

Agus níl ní is tábhachtaí ann ná bagairt na Rúise ar an tsíocháin. Ní mór dúinn leanúint dár ndícheall a dhéanamh, ar feadh ár n-acmhainne, cuidiú leis an Úcráin í féin a chosaint.

Tá tacaíocht pholaitiúil, taidhleoireachta, dhaonnúil, eacnamaíoch agus mhíleata láidir tugtha don Úcráin cheana againn, agus is geal le Parlaimint na hEorpa gur glacadh an 13ú pacáiste smachtbhannaí, agus an Ciste Cúnaimh don Úcráin faoin tSaoráid Eorpach Síochána.

Ar uair seo na cinniúna, ní mór dúinn leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin. Caithfimid dlús a chur le seachadadh an trealaimh atá de dhíth orthu, agus treisiú le seachadadh an trealaimh sin.

Caithfimid cuidiú leis an Úcráin freisin trí shíneadh a chur leis na Bearta Trádála Uathrialacha. Tá sé d'aidhm ag an gcomhaontú sealadach ar ar tháingamar an tseachtain seo cabhrú leis an Úcráin agus, ag an am céanna, ár bhfeirmeoirí agus ár margadh inmheánach a chosaint.

Áirítear sa chomhaontú sealadach liosta fada táirgí íogaire agus tréimhse ama ghiorraithe chun an choimirce uathoibríoch a ghníomhachtú. Ba cheart iad sin a bheith ina gcuidiú lena áirithiú nach mbeidh aon saobhadh sa mhargadh ann.

Ní mór dúinn freisin leanúint d'iarracht a dhéanamh ar cheartas, cuntasacht agus, ar deireadh thiar, síocháin, a áirithiú.

Braitheann ár dtionscadal síochána ar ár gcumas a bheith slán agus neamhspleách. Mar sin de, má táimid dairíre faoinár gcomhshlándaíl a chosaint, is gá dúinn gníomhaíocht a dhéanamh freisin chun creat slándála nua de chuid an Aontais a thógáil.

Agus an struchtúr nua sin á mhúnlú againn, tháingamar ar chomhthuiscint i leith roinnt saincheistean, comhthuiscint ar mheas a lán nach bhféadfaí teacht uirthi. Anois, ní mór dúinn a bheith réidh don chéad chéim eile don chomhar eadrainn go léir. Sa saol nua seo, ní féidir d'iomaire féin a threabhadh.

Sin é an fáth a bhfuil an méadú fós ina thosaíocht. Don Úcráin, don Mholdóiv, don tSeoirsia agus don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Dúinn go léir.

Ar ndóigh, caithfidh gach tír acu sin a conair féin a shiúl agus na critéir uile is gá a chomhlíonadh; ach is amhlaidh, i gcás na hÚcráine go háirithe, atá dul chun cinn suntasach déanta acu i leith na garspíocanna a bhaint amach.

Le dhá mhí dhéag anuas, tá dul chun cinn nach beag déanta freisin ag an Moldóiv agus ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i leith athchóirithe. Tá sé in am dúinn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair. Tá sé in am don Aontas tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus comhartha soiléir a thabhairt do mhuintir na mBalcán Thiar.

Sa chomhthéacs geostraitéiseach nua seo, beidh Aontas méadaithe, atá bunaithe ar chuspóirí soiléire, ar chritéir agus ar fhiúntas, ar an dóigh is fearr i gcónaí le síocháin, slándáil, cobhsaíocht agus rathúnas a áirithiú.

Ag an am céanna, ní féidir linn dearmad a dhéanamh de gurb amhlaidh, chun Aontas Eorpach méadaithe a thabhairt chun fíoraithe, a chaithfear athrú a dhéanamh. A chaithfear oiriúnú. A chaithfear athchóiriú a dhéanamh. Tá roinnt moltaí déanta ag an bParlaimint chun na críche sin, lena n-áirítear moltaí maidir le ceart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa, ar beag dul chun cinn atá déanta ina leith le 12 bhliain anuas, agus maidir le tús a chur leis an bpróiseas le haghaidh Coinbhinsiún Eorpach.

Cuideoidh an méadú freisin le borradh a chur faoin iomaíochas Eorpach agus le feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair. Ní mór é sin a bheith ina thosaíocht sa chéad téarma parlaiminteach eile. Sin é an dóigh a gcothaímid ár ngeilleagair ar bhealach inbhuanaithe. An dóigh a n-íocaimid ár bhfiacha. An dóigh a gcruthaímid poist agus a mheallaimid infheistíocht. An dóigh a n-áirithimid gur chun leasa cách uile an fás. Trí gheilleagar láidir a bheith ann, is féidir rathúnas, slándáil agus cobhsaíocht a bheith ann. An dóigh ar féidir linn ionad na hEorpa sa saol mór a threisiú.

Tá ról ag Eoraip láidir san ord domhanda a bhíonn ag síorathrú – go háirithe sa Mheánoirthear.

Tá an staid dhaonnúil in Gaza fiordhona go deo. Caithfimid leas a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dúinn chun níos mó cabhrach a thabhairt isteach ann. Is geal liom Tionscnamh Amalthea agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCipir go háirithe as an gceannaireacht atá léirithe aici. Mar sin féin, tá dáileadh talún cabhrach fós ar an mbealach is fearr leis na méideanna is gá a sholáthar.

Sin é an fáth a leanfaidh Parlaimint na hEorpa de shos cogaidh a éileamh. An fáth a leanfaimid de bheith ag éileamh go ndéanfaí na gialla atá fós ann a chur ar ais agus an fáth a gcuirimid i bhfios go láidir nach féidir le Hamas gníomhartha a dhéanamh a thuilleadh gan aon bhaol pionóis a bheith ann.

Sin é an fáth a n-iarraimid go dtiocfaí ar chonclúidí soiléire maidir leis sin inniu a bheadh ina dtreoir san am atá le teacht.

Sin é an dóigh a ndéanfaimid níos mó cabhrach a thabhairt isteach in Gaza, an dóigh a ndéanfaimid beatha daoine neamhchiontacha a shábháil agus an dóigh a ndéanfaimid an géarghá atá le réiteach dhá stát, a d'fhágfadh fíorionchais a bheith ag muintir na Palaistíne agus Iosrael a bheith i riocht shlán, a chur chun tosaigh.

Síocháin a chuirfeadh ar chumas na Palaistíne ceannaireacht shíochánta, dhlísteanach a léiriú agus a d'fhágfadh cobhsaíocht bhuan a bheith ann sa réigiún.

Is amhlaidh an cás freisin maidir leis an staid sa Mhuir Rua. Is geal liom EUNAVFOR Aspides a bheidh ina chuidiú leis an gconair mhuirí an-straitéiseach seo a chosaint. Ach is féidir linn níos mó a dhéanamh.

Ar fud an réigiúin Eora-Mheánmhara, tá gnólachtaí buailte go han-mhór ag moilleanna, ag fadhbanna maidir le trádstóráil agus ag impleachtaí airgeadais. Ba cheart dúinn breithniú a dhéanamh i dtaobh tascfhórsa, a bheadh faoi stiúir an Aontais, a chur ar bun chun a chinneadh conas is féidir linn gníomhú le chéile chun na hiarmhairtí socheacnamaíocha a mhaolú. Beidh ról ag an Eoraip ina leith sin freisin.

Ar deireadh, ós rud é gurb í seo an Chomhairle Eorpach fhoirmiúil dheireanach roimh na toghcháin, geallaim daoibh go leanfaidh Parlaimint na hEorpa de bheith ag obair go dtí an nóiméad deireanach chun bailchríoch a chur ar na comhaid reachtacha atá fós ann, lena n-áirítear ar phacáiste imirce nua.

Ar deireadh thiar, is é an dóigh is fearr is féidir linn cur i gcoinne na bréagaisnéise agus léargas a thabhairt do na saoránaigh ar an difear a dhéanann an Eoraip ná trínár dtosaíochtaí a chomhlíonadh.

Gabhaim buíochas libh as an tiomantas leanúnach atá sibh a léiriú, agus gabhaim buíochas ar leith le hUachtaránacht na Beilge as an méid atá bainte amach aici go dtí seo. Bíodh sé sin i dtaca le reachtaíocht, i dtaca le cluas a thabhairt do na saoránaigh agus a n-ábhair inní á gcur in iúl acu, i dtaca le feasacht a mhúscailt ar na toghcháin agus ar chuidiú le daoine a spreagadh le vóta a chaitheamh, nó i dtaca le cuidiú linn a áirithiú go mbeidh an Pharlaimint réidh le haistriú a dhéanamh.

Go raibh maith agaibh.